# Scéim Tacaíochta Gnó
# Business Support Scheme

#gnoasgaeilge




Is í ár dteanga féin í.
It's our language.

Foras na Gaeilge

# Critéir Mhaoinithe

- D'fhiontair thráchtála amháin atá an maoiniú seo ar fáil (nó aon fhiontar nach dtiteann faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003[1])
- Ar bhonn maoiniú meaitseála 50:50 idir an t-iarratasóir agus Foras na Gaeilge a bhronnfar an maoiniú seo. Ní mór maoiniú meaitseála a bheith ar fáil ag an iarratasóir. Is é an t-uasmhéid atá ar fáil faoin scéim seo ná €3,000/£2,700, ag brath ar an tionscadal beartaithe
- Tá ciste na scéime seo teoranta. Bronnfar deontais ar na hiarratais incháilithe san ord a gheofar go dtí go mbeidh buiséad na scéime caite.

**Rangú na nDeontas:**

- Má dhéantar iarratas ar phleanáil ar thalamh poiblí, ní mór d'iarratasóirí cead pleanála iomlán (de réir bhrí alt 36 den **Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000**) a sholáthar chun na hearraí sin a fhorbairt.
- Comharthaíocht gnó nó athchurtha: maoiniú meaitseála suas le €1,500/£1,350
- Pacáistíocht Ghaeilge/dhátheangach: maoiniú meaitseála suas le €1,500/£1,350. Ní bheidh málaí siopadóireachta aon uaire incháilithe le haghaidh maoiniú
- Suíomhanna Gréasáin: Bronnfar maoiniú ar shuíomhanna gréasáin bunaithe ar ábharthacht agus praiticiúlacht an tsuímh. I gcásanna áirithe, ceadóimid maoiniú meaitseála suas le €1,000/£900
- Ábhair dhátheangacha/Ghaeilge eile: ceadóimid maoiniú meaitseála suas le €1,000/£900 d'ábhair ábhartha eile ghnó má mheasaimid iad a bheith oiriúnach agus riachtanach
- Tá an scéim seo dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide amháin
- Ní chuirfidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar fáil má tá tionscnamh mar seo á mhaoiniú cheana féin ag eagras eile stáit (e.g. Údarás na Gaeltachta[2])
- Ní mór dréachtleagan den ábhar Gaeilge nó dátheangach beartaithe a bheith leis an iarratas. Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge cruinn ar an dréachtleagan seo
- Tá méid an mhaoinithe a bhronnfar ag brath go hiomlán ar mhéid agus ar infheictheacht na Gaeilge ar an ábhar Gaeilge nó dátheangach
- Caithfear an t-ábhar críochnaithe a bheith ar fáil faoin 31 Deireadh Fómhair
- Cuirfimid an maoiniú ar fáil ar bhonn admhálacha. Ní íocfaimid maoiniú go cúlghabhálach, i.e. ábhair atá déanta cheana féin
- Ní mór cuntas bainc, in ainm an fhiontair, a bheith ag fiontair atá ag lorg maoiniú
- Tá teorainn le líon na n-iarratas is féidir le Foras na Gaeilge a ghlacadh, agus ní ghlacfaimid ach le hiarratas amháin an fiontar in aon bhliain amháin

1 Is í An Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta atá freagrach as feidhmiú **Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003**.
2 Is é **Údarás na Gaeltachta** an t-eagras atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht.

# Funding Criteria

- This funding is available to commercial enterprises only (or any enterprise that does not fall under the terms of the Official Languages Act, 2003[1])
- This funding will be awarded on a 50:50 match-funding basis between the applicant and Foras na Gaeilge. The applicant must have matching funding available. The maximum available under this scheme is €3,000/£2,700, dependant on the proposed project
- The budget of this scheme is limited. Grants will be awarded to eligible applications in the order received until the scheme budget is spent.

**Classification of Grant Categories:**

- If an application for planning is made on public land, applicants must provide full-planning permission (in accordance with section 36 of the **Planning and Development Act 2000**) for the development of those goods.
- New or Replacement Business Signage: match-funding up to €1,500/£1,350
- Irish/bilingual packaging: match-funding up to €1,500/£1,350. Disposable shopping bags will not be eligible for funding
- Websites: We will award funding to websites based on the relevance and practicality of the site. In relevant cases, we will award match-funding of up to €1,000/£900
- Other bilingual/Irish language materials: we will award match-funding up to €1,000/£900 for other relevant business materials if we deem them appropriate and necessary
- This scheme is aimed at small and medium sized enterprises only
- Foras na Gaeilge will not provide any funding if such an initiative is already being funded by another state body (e.g. Údarás na Gaeltachta[2])
- A draft version of the proposed Irish language or bilingual material must accompany the application. Applicants must ensure that the Irish on this draft version is accurate
- The amount of funding awarded is entirely dependent on the amount and visibility of Irish on the Irish language or bilingual material
- The completed item must be ready by 31 October
- We will provide funding on a receipt basis. We will not pay funding retrospectively, i.e. for items already made
- Enterprises seeking funding must have a bank account in the name of the enterprise
- There is a limit to the number of applications that Foras na Gaeilge can accept, and we will only accept one application per enterprise in any one year

1 The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht is responsible for the enactment of the **Official Languages Act, 2003**.
2 **Údarás na Gaeltachta** is the body responsible for supporting businesses located in the Gaeltacht.

## Sonraí an Fhiontair

## Enterprise Details

| | | |
|---|---|---|
| Ainm an Fhiontair | | Name of Enterprise |
| Ainm an Chuntais Bhainc (féach pointe 6 ar an chonradh lastall) | | Name on Bank Account (see point 6 on the contract overleaf) |
| Cineál Gnó | | Business Type |
| Seoladh | | Address |
| Uimhir Chláraithe Chomhlachta | | Company Registration Number |
| Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Poblacht na hÉireann) | | PPS number (Republic of Ireland) |
| Líon Fostaithe (stiúrthóirí san áireamh) | | Number of Employees (including directors) |
| Ainm Teagmhála & Ról | | Contact Name & Role |
| Uimhir Ghutháin | | Telephone Number |
| Ríomhphost | | Email |
| Suíomh Gréasáin | | Website |

## Sonraí an Iarratais

## Application Details

| | | |
|---|---|---|
| Costas iomlán an tionscadail beartaithe | € / £ | Total cost of proposed project |
| Ainm agus uimhir ghutháin an dearthóra/an chlódóra | | Name and telephone number of designer/printer |
| Cur síos ar an ábhar atá beartaithe agus catagóir de réir rangú na ndeontas | | Description of the material planned, and classification according to grant categories listed |

| | | |
|---|---|---|
| **Caithfidh a leanas a bheith san áireamh i d'iarratas:** | | **The following must be included with your application:** |
| Dréachtchóip den ábhar Gaeilge nó dátheangach | ☐ | A draft copy of the Irish language or bilingual material |
| Meastachán costas ón dearthóir agus aistritheoir | ☐ | An estimate of costs from the designer and translator |

| | | |
|---|---|---|
| Dáta a bhfuil sé beartaithe an chomharthaíocht nua a chur suas/an earra a bheith ar fáil | | Planned date for erecting new signage/ production of item |
| Méid iarrtha ó Fhoras na Gaeilge | € / £ | Amount requested from Foras na Gaeilge |
| Cén áit ar chuala tú faoin scéim seo? | | Where did you hear about this scheme? |

# Conradh

Dearbhaím go bhfuil mé údaraithe thar ceann an fhiontair luaite san iarratas seo leis an conradh seo a shíniú. Go bhfios dom, tá an t-eolas go léir a thugtar fíor agus cruinn. Má éiríonn leis an iarratas seo, cloífidh an fiontar leis na téarmaí agus na coinníollacha seo a leanas. Tuigim/ Tuigimid agus aontaím/aontaímid leis seo a leanas:

1. Cuirfimid maoiniú meaitseála ar fáil go huasmhéid áirithe ar chomhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha amach
2. Nílimid ag fáil aon mhaoiniú i gcomhair tionscadail mar seo ó chomhlacht stáit eile (e.g. Údarás na Gaeltachta)
3. Tá dréachtleagan den ábhar Gaeilge nó dátheangach faoi iamh leis an iarratas seo
4. Ní dhéanfaimid aon leasú ar an dréacht atá aontaithe gan réamheolas agus cead a fháil i scríbhinn ó Fhoras na Gaeilge
5. Má éiríonn leis an iarratas seo, gheobhaimid maoiniú ar bhonn admhálacha. Ní íocfar maoiniú go cúlghabhálach
6. Tá cuntas bainc againn, in ainm an fhiontair, a ndéanfar maoiniú iníoctha leis
7. Tabharfaimid aitheantas do mhaoiniú Fhoras na Gaeilge, nuair is cuí
8. Forchoimeádann Foras na Gaeilge an ceart aisíocaíocht a lorg sa chás nach gcomhlíontar téarmaí

# Contract

I confirm that I am authorised on behalf of the enterprise listed in this application to sign this agreement. To the best of my knowledge, all the information provided is true and accurate. If this application is successful, the enterprise will adhere to the following terms and conditions. I/we understand and agree the following:

1. We will provide match-funding to the pre-agreed maximum value on fulfillment of the outlined conditions
2. We are not already in receipt of funding for similar schemes from another state body (e.g. Údarás na Gaeltachta)
3. A draft version of the Irish language or bilingual material is enclosed with this application
4. We will not make any changes to the agreed draft without prior knowledge and written consent from Foras na Gaeilge
5. If this application is successful, we will receive funding on a receipts basis. Funding will not be paid retrospectively
6. We have a bank account, in the name of the enterprise, to which funding will be made payable
7. We will acknowledge Foras na Gaeilge's funding, where appropriate
8. Foras na Gaeilge reserves the right to seek reimbursement in the event of non-compliance with terms

| | |
|---|---|
| Ainm | Name |
| Síniú | Signature |
| Ról | Position |
| Dáta | Date |

An bhfuil coimhlint leasa ar bith ag aon bhall foirne de chuid Fhoras na Gaeilge nó aon chomhalta boird de chuid Fhoras na Gaeilge i leith an iarratais seo? Tá ☐ Níl

An bhfuil iarratas eile déanta agat le rannóg eile de chuid Fhoras na Gaeilge? Tá ☐ Níl

Do any employees or any board members of Foras na Gaeilge have a conflict of interest in regard to this application? Yes ☐ No

Have you made a funding application to any other department of Foras na Gaeilge? Yes ☐ No

Tá buiséad na scéime seo teoranta agus pléifear le hiarratais san ord a dtiocfaidh siad isteach go dtí go bhfuil an buiséad caite. Cuir an fhoirm chomhlánaithe chuig:

The budget for this scheme is limited, and applications will be processed in the order they come in until the budget is spent. Send the completed application form to:

Foras na Gaeilge

Scéim Tacaíochta Gnó, Foras na Gaeilge, 63–66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1
+353 1 639 8463 stg@forasnagaeilge.ie

Is féidir leagan scanta den fhoirm iarratais agus na doiciméid chuí a chur chuig: stg@forasnagaeilge.ie

A scanned copy of the application form, along with the required documentation can be emailed to: stg@forasnagaeilge.ie

**Úsáid Oifigiúil Amháin** / **Official Use Only**

| Uimhir Thagartha | | Oifigeach Údaraithe | | Dáta | |
|---|---|---|---|---|---|